Aighneacht maidir le Scéim Teanga
An Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach

Ríomhphost: info@odce.ie

1 Meitheamh 2006

**Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003**

**Dréacht-Scéim á hUllmhú ag Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach**

Is mian le hÚdarás na Gaeltachta an aighneacht seo a leanas a dhéanamh:

**Údarás na Gaeltachta**

Bunaíodh Údarás na Gaeltachta i 1980 mar ghníomhaireacht fhorbartha réigiúnach don Ghaeltacht. Tá gníomhaíochtaí an Údaráis dírithe tríd is tríd ar leas phobal na Gaeltachta a fheabhsú, agus ar an gcaoi sin a chinntiú go gcaomhnófar an Ghaeltacht mar thobar fíoruisce na Gaeilge. Tá Údarás na Gaeltachta luaite le ról forbartha eacnamaíochta, sé sin, poist mharthanacha a chruthú agus infheistíocht a mhealladh go dtí na réigiúin Ghaeltachta chomh maith le gníomhaíochtaí forbartha pobail, cultúrtha agus teanga, ag obair i bpáirtíocht le pobail agus eagraíochtaí áitiúla. De bharr a chúraimí, tá baint nach beag ag dlí corparáideach lena chuid feidhmeanna, agus leis na cuideachtaí Gaeltachta a mbíonn an tÚdarás ag plé leo.

Dá bhrí sin, tá spéis ar leith againn in obair Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach ("an Oifig"), agus san eolas agus sna seirbhísí a chuireann an Oifig ar fáil.

**Ábhar Scríofa**

Sa mhéid go mbeidh forálacha iomlána Acht na dTeangacha Oifigiúla i bhfeidhm ó 14 Iúil 2006, glactar leis i gcás ina ndéanfaidh an Oifig cumarsáid i scríbhinn nó leis an bpost leictreonach leis an bpobal i gcoitinne nó le haicme den phobal i gcoitinne chun faisnéis a thabhairt don phobal nó don aicme, go gcinnteoidh an comhlacht gur i mBéarla agus i nGaeilge a bheidh an chumarsáid (i réir le halt 9(3) den Acht).

Ar an gcaoi chéanna, glactar leis go mbíonn gach comhfhreagras uaibh ag cloí le halt 9(2) den Acht.

**Láithreán Gréasáin**

Tá eolas an-tairbheach ar bhur láithreán gréasáin, agus ba mhór an chabhair dúinne agus do dhaoine agus d'eagraíochtaí eile a dhéanann gnó trí Ghaeilge ach an t-eolas céanna a bheith ar fáil trí Ghaeilge oiread agus ab fhéidir. Tá treoirlínte ginearálta leagtha amach sna Treoirlínte faoi alt 12 den Acht a d'eisigh an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta i Meán Fómhair 2004 i dtaca le láithreáin ghréasáin (ar leathanach 24), agus tá comhairle shonrach ar fáil maidir le dearadh láithreáin ghréasáin.

Is mian linn a mholadh, i réir le héirim na míre seo thuas faoi ábhar scríofa, go mbeidh oiread agus is féidir den láithreán gréasáin dátheangach, agus go gcloífear leis na scothchleachtais chuí maidir le leagan amach – mar shampla réamhscáileán ("splashscreen") ag tabhairt

cuireadh Gaeilge nó Béalra a roghnú, agus an deis aistriú go díreach ó gach rannóg den suíomh i dteanga amháin go dtí an rannóg chéanna sa teanga eile. Moltar freisin a chinntiú go gcuirfear ábhar Gaeilge ar fáil ar chaighdeán maith inléite agus cruinn.

Cuirimid béim ar leith ar na leabhráin eolais faoi "Compliance Information", agus chomh fada agus is féidir na fógraí eolais (Information Notices), na fógraí comhairliúcháin (Consultation Notices) agus na foirmeacha illíoslódáilte.

Maidir leis na leabhráin eolais thuasluaite, molaimid go mór iad, agus creidimid go bhfuil tábhacht ar leith leis na cinn *Companies*, *Company Directors*, agus *Company Secretaries.* Tuigimid, ar ndóigh, má théann an bille nua cuideachtaí atá beartaithe chun coimhdhlúthú agus atheagrú a dhéanamh ar dhlí cuideachtaí chun cinn, go gcuirfidh sé sin athrú mór ar an eolas atá sa leabhrán *Companies* go háirithe, agus go gcaithfear athdhréachtadh cuimsitheach a dhéanamh air. Sa chás sin beidh deis ann leabhrán nua a fhoilsiú go comhuaineach i nGaeilge agus i mBéarla.

**Cúrsaí Foirne**

Creidimid nach mbíonn mórán plé ag an ngnáthphobal le bhur nOifig, ach tá sé tábhachtach go mbeadh foireann oilte ar fáil sna réimsí oibre éagsúla le freastal go cumasach trí Ghaeilge ar dhaoine a roghnódh an Ghaeilge mar theanga chumarsáide. Chun dea-mhéin a chothú, measaimid go bhfuil sé tábhachtach ar an gcéad dul síos go mbeadh Gaeilge ag bhur bhfoireann fáiltithe agus teileafóin.

Mura bhfuil an fhoireann chuí ar fáil faoi láthair, molaimid go láidir go leagfar amach spriocana chun tabhairt faoi méid sin a chur ina cheart trí earcaíocht agus/nó trí scéimeanna oiliúna Gaeilge don fhoireann.

Brian Ó Cuív
Rúnaí
Údarás na Gaeltachta
1 Meitheamh 2006.